

Aimsigh na Boinn



Gné den Mhata	Tomhais – airgead <i>Comhtháthú – Teanga, OSIE, OSPS</i>
Scileanna Forbartha	Comhthathú agus nascadh – an gaol a aithint idir dóigheanna ó bhéal, nithiúla, pictiúrtha agus siombalacha chun uimhreacha a léiriú Réasúnaíocht – rudaí a rangú in aicmí loighciúla Tuiscint agus tabhairt chun cuimhne – téarmaíocht agus fórais a thuiscint agus a mheabhrú
Teanga agus Téarmaíocht	boinn go 2 euro nó €1, méadaigh, laghdaigh, muc thaisce, sparán, buiséad, malartaigh, suimigh, dealaigh, comhaireamh, ríomh
Áiseanna	boinn phlaisteacha, fóir-bhoinn, siopa bréagach, Uirlis Airgid Mol Mata





Cur síos ar an nGníomhaíocht

Úsáidfidh na daltaí boinn phlaisteacha le taithí phraiticiúil a fháil ar airgead. Ba cheart go mbeadh siad cleachta le hairgead a chomhaireamh agus le hairgead a thaifeadadh le 'c' i ndiaidh an méid suas go 99c.

1 Gníomhaíocht 1

Agus Uirlis Airgid Mol Mata, airgead bréige nó fíor-bhoinn in úsáid acu, léiríonn na daltaí méideanna difriúla airgid ar bhealaí éagsúla. Mar shampla, is féidir 5c a léiriú le bonn 5c, bonn 2c agus 3 bhonn 1c srl. Nuair a bhíonn an Uirlis Airgid Mol Mata in úsáid, is féidir na méideanna airgid a léiriú leis an muc thaisce nó le forleagan málaí airgid. Úsáid gabháil scáileáin nó tábla chun taifead a dhéanamh ar na slite difriúla ar féidir na méideanna airgid a dhéanamh.

2 Gníomhaíocht 2

Agus na haghaidheanna siopaí in úsáid, cruthaigh praghsanna do na hearraí difriúla atá ar díol. Is féidir leis na daltaí liostaí siopadóireachta a chruthú chun iad a thriail le méideanna difriúla airgid. Iarr orthu a oibriú amach taobh istigh de bhuiséad agus na praghsanna d'earraí difriúla a shuimiú. Ansin, is féidir leo praghsanna na n-earraí difriúla agus iomláin leis na boinn ó Uirlis Airgid Mol Mata a léiriú.

3 Gníomhaíocht 3

Agus ceann amháin de na haghaidheanna siopaí in úsáid agat, cruthaigh praghsanna do na hearraí difriúla. Cuir lascaine leo nó méadaigh praghas gach earra. Mar shampla, d'fhéadfadh laghdú 20c nó méadú 50c a bheith ar na hearraí. Oibríonn daltaí amach praghsanna nua na n-earraí nó cruthaíonn siad liostaí siopadóireachta nó buiséid bunaithe ar an lascaine nó méadú.





Ceisteanna Samplacha

Ceisteanna Dúnta	Ceisteanna Oscailte
- Má tá dhá bhonn 2c agam, cé mhéad airgid atá agam? - Cé mhéad caoi ar féidir liom 4c a dhéanamh? - Cad an méid is lú bonn atá ag teastáil uaim chun 6c a dhéanamh? - Cé mhéad airgid níos mó atá i muc thaisce A ná i muc thaisce B? - Cé mhéad airgid níos lú atá i muc thaisce C ná i muc thaisce D?	- Cad é an tslí is fearr leat 5c a dhéanamh? Cén fáth? - Tá 20c agam. Cad iad na boinn a d'fhéadfadh a bheith agam? - Cé mhéad bonn níos mó atá ag teastáil uaim chun Xc a bhaint amach? - Ceannaigh trí earra ón margadh. Úsáid na boinn chun a léiriú go n-íocfaidh tú astu. - Cé mhéad slí dhifriúil ar féidir liom €1 a dhéanamh?

Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

